AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.7.2025
COM(2025) 384 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

## maidir leis an dul chun cinn atá déanta i dtreo idir-inoibritheacht chóras iarnróid an Aontais a bhaint amach agus feidhmiú Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh sa chomhthéacs sin

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an dul chun cinn atá déanta i dtreo idir-inoibritheacht chóras iarnróid an Aontais a bhaint amach agus feidhmiú Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh sa chomhthéacs sin**

## Réamhrá

Le hAirteagal 53 de Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach[1], ceanglaítear ar an gCoimisiún tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i dtreo idir-inoibritheacht chóras iarnróid an Aontais a bhaint amach agus ar fheidhmiú Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh ('an Ghníomhaireacht') sa chomhthéacs sin ó tháinig an Treoir i bhfeidhm.

Cumhdaítear leis seo, an chéad tuarascáil den sórt sin, an tréimhse ón 16 Meitheamh 2016 go dtí an 30 Meitheamh 2024.

Thairis sin, luaitear in Airteagal 53(1) go n-áireofar sa tuarascáil freisin meastóireacht ar chur chun feidhme agus ar úsáid na gclár faoi Chaibidil VII – i.e. an Clár Eorpach Feithiclí, Clár Eorpach na gCineálacha Údaraithe Feithiclí agus Clár an Bhonneagair (RINF) – agus anailís ar na cásanna a leagtar amach in Airteagal 7 (i.e. cásanna nach gcuirtear sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht (STInna) a bhaineann le tionscadail aonair i bhfeidhm).

Ar deireadh, tugann sé treoir don Choimisiún anailís a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Chaibidil V, i.e. cinntí ó na heintitis údarúcháin, ón nGníomhaireacht agus/nó ó na húdaráis náisiúnta sábháilteachta maidir le feithiclí iarnróid a chur ar an margadh agus maidir le suiteálacha seasta iarnróid a chur i mbun seirbhíse, agus cinntí ón nGníomhaireacht maidir le tionscadail taobh riain de chuid an Chórais Eorpaigh um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS) a fhormheas. Go háirithe, dírítear sna measúnuithe ar fheidhmiú na gcomhaontuithe comhair a tugadh i gcrích idir an Ghníomhaireacht agus na húdaráis náisiúnta sábháilteachta chun cinnteoireacht chomhpháirteach a éascú.

Cumhdaítear sonraí faoi ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta agus an dul chun cinn atá déanta maidir le sábháilteacht agus idir-inoibritheacht iarnróid leis na tuarascálacha maidir le sábháilteacht agus idir-inoibritheacht, atá le foilsiú ag an nGníomhaireacht gach dhá bhliain faoi Airteagal 35(4) de Rialachán (AE) 2016/796 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 881/2004[2].

Féachtar leis an tuarascáil seo dúbailt a sheachaint leis an meastóireacht agus leis an tuairisciú a cheanglaítear faoi Airteagal 82 de Rialachán (AE) 2016/796, is é sin an áit a ndéanfaidh an Coimisiún measúnú ar fheidhmiú na Gníomhaireachta agus ar an déchórais faoina soláthraíonn

[1] IO L 138, 26.5.2016, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/797/

[2] IO L 138, 26.5.2016, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2016/796/

na húdaráis náisiúnta sábháilteachta agus an Ghníomhaireacht údaruithe, deimhnithe agus formheasanna.

Thrasuigh na Ballstáit Treoir (AE) 2016/797 i dtrí chéim. De réir Airteagal 57(1) den Treoir, ba cheart bearta chun na hoibleagáidí dá dtagraítear san Airteagal sin a chomhlíonadh a bheith glactha faoin 16 Meitheamh 2019. Mar sin féin, le hAirteagal 57(2), tugadh deis do na Ballstáit, ar fhógra a thabhairt don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht, síneadh a chur leis an sprioc-am sin go dtí an 16 Meitheamh 2020). Mar chuid de na bearta éigeandála mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, tugadh isteach sprioc-am breise trasuite an 31 Deireadh Fómhair 2020. Sheiceáil an Coimisiún iomláine fhógraí na mBallstát maidir leis an gcaoi ar thrasuigh siad Treoir (AE) 2016/797. Bunaithe ar thorthaí na seiceálacha iomláine, tionscnaíodh 13 imeacht um shárú maidir le neamhchumarsáid. Tar éis d'fhormhór na mBallstát fógra a thabhairt faoi théacsanna dlí breise, dhún an Coimisiún 12 imeacht as 13 faoi mhí na Bealtaine 2025.

Cuireadh seiceálacha comhréireachta ar thrasuí Threoir (AE) 2016/797 i gcrích i gcás sé Bhallstát, agusceistneoirí EU-Pilot ag gabháil in éineacht leo, a bhfuil meastóireacht á déanamh ag an gCoimisiún ar na freagraí a tugadh faoi láthair. Tá seiceálacha comhréireachta ar reachtaíocht sna Ballstáit eile ar siúl d'fhonn measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht agus ar an ngá atá le ceistneoirí EU Pilot nó imeachtaí um shárú a oscailt.


Trí shruthanna oibre eile, faoi dheireadh na hidirthréimhse (31 Deireadh Fómhair 2020) rinne an Coimisiún comhairliúcháin fhorleathana leis na páirtithe leasmhara ábhartha chun críocha na chéad tuarascála seo.

## 1. Deireadh a chur le rialacha náisiúnta


I mí an Mheithimh 2024, ríomh an Ghníomhaireacht go raibh 796 riail náisiúnta fós infheidhme sna Ballstáit faoi Airteagal 14 de Threoir (AE) 2016/797, i.e. na rialacha sin atá ábhartha maidir le húdarú feithiclí agus suiteálacha seasta (ar a dtugtaí rialacha teicniúla náisiúnta le chéile roimhe seo) i mBallstáit an Aontais, síos ó 13 459 i mí Eanáir 2016. Léirítear an dul chun cinn atá déanta i dtreo deireadh a chur leis na rialacha náisiúnta maidir le húdarú feithiclí ó bhí 2016 ann in Figure 1, agus léirítear mionsonraí breise faoin dul chun cinn atá déanta ó bhí 2020 ann in Figure 2. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil dul chun cinn ghlanadh na rialacha náisiúnta fós ina thús. Ciallaíonn sé sin go bhfuil an Ghníomhaireacht fós ag déanamh measúnú ar an gcéad tacar rialacha ar tugadh fógra ina leith faoi Airteagal 14(1)(a) de Threoir (AE) 2016/797 i gcás roinnt tíortha.

Tugtar fógra faoi rialacha sábháilteachta náisiúnta – na rialacha sin a bhreithnítear nuair a eisíonn an Ghníomhaireacht deimhnithe sábháilteachta aonair don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht faoi Airteagal 8 de Threoir (AE) 2016/798[3] agus, dá bhrí sin, ní thagann siad faoi raon feidhme na tuarascála seo maidir le hidir-inoibritheacht.

[3] Treoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le sábháilteacht iarnróid IO L 138, 26.5.2016, lch. 102, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2016/798/




*Fíor 1: Dul chun cinn i dtreo deireadh a chur leis na rialacha náisiúnta maidir le húdarú feithiclí idir mí Eanáir 2016 agus mí an Mheithimh 2024 (AE-28 lena n-áirítear an Ríocht Aontaithe go dtí deireadh 2019; Foinse: ERA)*




*Fíor 2: Glanadh rialacha náisiúnta maidir le húdarú feithiclí i ndáil leis na rialacha atá fágtha idir mí Eanáir 2020 agus mí an Mheithimh 2024, AE-27 (Foinse: ERA)*

## 2. Athbhreithniú 2023 ar na STInna

Faoi láthair, rinneadh 11 STI a ghlacadh agus a athbhreithniú trí rialacháin ón gCoimisiún agus trí rialacháin cur chun feidhme ón gCoimisiún. Is iad na trí STI fheidhmiúla agus na hocht STI struchtúracha sin an creat rialála teicniúil le haghaidh fochórais iarnróid. Cumhdaítear le STInna feidhmiúla oibriúchán agus bainistíocht tráchta (OBT[4]), feidhmchláir theileamaitice (i.e. feidhmchláir ríomhaireachta/ríomhaireachta) le haghaidh seirbhísí paisinéirí (FTS[5]) agus feidhmchláir theileamaitice le haghaidh lasta (FTL[6]). Cumhdaítear le STInna struchtúracha bonneagar (BON[7]), fuinneamh (FUI[8]), sábháilteacht i dtolláin iarnróid[9], inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe (DSL[10]), innill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí (IFG&RSP[11]), vaigíní lastais (VAI[12]), torann rothstoic (TOR[13]) agus rialú agus ceannas agus comharthaíocht (RCC[14]).

---

4 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/773 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 maidir leis an tsonraíocht theicniúil le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras oibriúcháin agus bainistithe tráchta an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2012/757/AE IO L 139I , 27.5.2019, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/773/

5 Rialachán (AE) Uimh. 454/2011 ón gCoimisiún an 5 Bealtaine 2011 maidir leis an tsonraíocht theicniúil le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann leis an bhfochóras 'feidhmchláir theileamaitice i gcomhair seirbhísí paisinéirí' den chóras iarnróid tras-Eorpach, IO L 123 12.5.2011, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/454/

6 Rialachán (AE) Uimh. 1305/2014 ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2014 maidir leis an tsonraíocht theicniúil le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann leis na feidhmchláir theileamaitice d'fhochórais lasta an chórais iarnróid san Aontas Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 62/2006, IO L 356, 12.12.2014, lch. 438, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/1305/

7 Rialachán (AE) Uimh. 1299/2014 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2014 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras 'bonneagair' chóras iarnróid an Aontais Eorpaigh IO L 356, 12.12.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/1299/

8 Rialachán (AE) Uimh. 1301/2014 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2014 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann leis an bhfochóras 'fuinneamh' den chóras iarnróid san Aontas Eorpach IO L 356, 12.12.2014, lch. 179, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/1301/

9 Rialachán (AE) Uimh. 1303/2014 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2014 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann le 'sábháilteacht i dtolláin iarnróid' chóras iarnróid an Aontais Eorpaigh (IO L 356, 12.12.2014, lch. 394, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/1303/

10 Rialachán (AE) Uimh. 1300/2014 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2014 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann le hinrochtaineacht chóras iarnróid an Aontais do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe IO L 356, 12.12.2014, lch. 110, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/1300/

11 Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2014 maidir le sonraíocht theicniúil le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras 'rothstoc – innill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí' an chórais iarnróid san Aontas Eorpach, IO L 356, 12.12.2014, lch. 228, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/1302/

12 Rialachán (AE) Uimh. 321/2013 ón gCoimisiún an 13 Márta 2013 maidir leis an tsonraíocht theicniúil le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann leis an bhfochóras 'rothstoc – vaigíní lastais' den chóras iarnróid san Aontas Eorpach agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2006/861/CE IO L 104, 12.4.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/321/


13 Rialachán (AE) Uimh. 1304/2014 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2014 maidir leis an tsonraíocht theicniúil le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann leis an bhfochóras 'rothstoc – torann' lena leasaítear Cinneadh 2008/232/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/229/AE, IO L 356, 12.12.2014, lch. 421, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/1304/

14 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2023 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochórais um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht an

Ó bhí mí an Mheithimh 2016 ann, tá dhá thimthriall mhóra athbhreithnithe STI ann. Ina theannta sin, tar éis comhairliúcháin fhorleathana leis na páirtithe leasmhara, i mí Lúnasa 2024 iarradh ar an nGníomhaireacht moltaí a sholáthar maidir le hathbhreithnithe STI a dhéanfar amach anseo (lena leagtar amach plean ilbhliantúil le haghaidh na dtimthriallta athbhreithnithe STI atá ar na bacáin go dtí 2030 chun STInna a ullmhú le haghaidh teicneolaíochtaí nua), pointí a dhúnadh a bheidh fós oscailte i gcás ina leanfaidh rialacha náisiúnta de bheith infheidhme agus/nó limistéir a chur isteach nach gcumhdaítear go leordhóthanach i leaganacha STI roimhe seo.

In 2019, rinneadh athbhreithniú ar gach STI[15] chun iad a thabhairt i gcomhréir leis an gceathrú Pacáiste Iarnróid. Ní dhearnadh athbhreithniú níos doimhne ach ar STI OBT amháin.

In 2023, rinneadh athbhreithniú ar ocht STI d'fhonn leibhéil idir-inoibritheachta níos airde a bhaint amach. Thairis sin, bhí an Rialachán ón gCoimisiún maidir le STI RCC faoi réir an athmhúnlaithe agus leasaíodh na Rialacháin ón gCoimisiún maidir le STInna IFG&RSP, VAI, OBT, BON, FUI agus DSL. Figure 3 déantar achoimre ar na cásanna sonracha agus ar na pointí sonracha atá fós oscailte tar éis na n-athbhreithnithe sin.




*Fíor 3: Cásanna sonracha agus pointí oscailte de réir STI ón 30 Meitheamh 2024*

### a. STInna IFG&RSP, VAI, TOR agus RCC

- Údarú uathúil le haghaidh cóistí paisinéirí

Glacadh forálacha le haghaidh cóistí paisinéirí atá cosúil leis an údarú aonair uile-Eorpach atá ann cheana le haghaidh vaigíní lastais in 2023 freisin. Leagtar amach iontu ceanglais STI faoinar féidir leis an nGníomhaireacht údaruithe feithiclí a eisiúint gan iallach a bheith uirthi dul i gcomhar le húdaráis náisiúnta sábháilteachta mura bhfuil aon cheanglais bhreise maidir le rialacha náisiúnta ann ar gá measúnú a dhéanamh orthu. Áiríodh ceanglais maidir le

chórais iarnróid san Aontas Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/919 (IO L 222, 8.9.2023, lch. 380, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1695/

[15] Tá tábla croineolaíochta le haghaidh na STInna uile le fáil ag https://www.era.europa.eu/system/files/2022-10/TSIs%20chronology%20table.pdf?t=1718972267. Áirítear ann mionsonraí na rialachán cur chun feidhme ón gCoimisiún lena ndearnadh STI amháin nó níos mó a thabhairt cothrom le dáta.

comhoiriúnacht leictreamaighnéadach sa Rialachán ón gCoimisiún maidir le STI IFG&RSP. Chun ceanglais maidir le comhoiriúnacht leictreamaighnéadach a chomhchuibhiú a thuilleadh agus chun an t-údarú a shimpliú a thuilleadh, tugtar sainordú do na Ballstáit freisin le Rialachán ón gCoimisiún maidir le STI RCC fógra a thabhairt don Ghníomhaireacht faoi shonraíochtaí le haghaidh gach feiste taobh riain um braite traenacha atá suiteáilte cheana féin.

- Díráilliú vaigíní lastais a bhrath agus a chosc

I Rialacháin ón gCoimisiún maidir le STInna IFG&RSP agus VAI, cuireadh ceanglais bhreise isteach maidir le feidhmeanna chun díráilliú traenacha a bhrath agus a chosc le haghaidh feithiclí atá feistithe le teicneolaíocht den sórt sin. Cuideoidh sé sin le sábháilteacht iarnróid a mhéadú trí iarmhairtí díráillithe feithicle a chosc nó a mhaolú.

- Teorainneacha torainn agus measúnú ar bhloic choscáin ilchodacha ar leibhéal an chomhábhair idir-inoibritheachta

Leis an Rialachán ón gCoimisiún maidir le STI TOR, cuirtear teorainneacha i bhfeidhm ar thorann ó mhodhanna oibríochtaí a bhaineann le traenacha atá ina stad, ag tosú agus ag dul thar bráid, agus ar thorann laistigh de chábán an tiománaí. Leagadh síos freisin na modheolaíochtaí chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht fhuaimiúil na mbloc coscáin ilchodach chun astaíochtaí torainn a laghdú a thuilleadh, mar a leagtar amach i dTreoir 2002/49/CE[16].

- Creat chun athruithe ar shonraíocht STI RCC a bhainistiú (earráidí a cheartú, tacar aonair sonraíochtaí a sholáthar, seachadadh iomlán a áirithiú)

Chun comhchuibhiú agus idir-inoibritheacht a chur chun cinn a thuilleadh tríd an gcóras Eorpach um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht, tugadh isteach leis an Rialachán ón gCoimisiún maidir le STI RCC socruithe idirthréimhseacha sonracha chun earráidí a cheartú. Tugadh isteach an prionsabal maidir le tacar aonair sonraíochtaí a sholáthar in éineacht le bainistiú leaganacha, lena n-áirítear oiriúnuithe ar leaganacha níos airde a bhí ann cheana. Thairis sin, baineadh an fhéidearthacht gan ach cuid de STI RCC a chomhlíonadh agus cuireadh socruithe idirthréimhseacha sonracha ina hionad.

- Feabhsuithe STI RCC (ullmhacht OUT, CTCMI agus CUP) agus leaganacha córais

Chun tuilleadh digitithe iarnróid a bhaint amach, cuireadh na sonraíochtaí atá ann cheana maidir le hoibríocht uathoibríoch traenach (OUT) chomh maith le sonraíochtaí comhéadain don chóras todhchaíochta um chumarsáid mhóibíleach iarnróid (CTCMI) leis an Rialachán ón gCoimisiún maidir le STI RCC. Leagadh síos ceanglais bhreise freisin d'fhonn comhlíonadh le linn na hidirthréimhse chun an bealach a réiteach do chomhtháthú níos tapúla na sonraíochtaí a bheidh ar fáil amach anseo (sraith iomlán sonraíochtaí le haghaidh CTCMI, sonraíochtaí maidir le cúpláil uathoibríoch dhigiteach (CUP)).

### b. STI OBT

[16] Treoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir le torann timpeallachta a mheasúnú agus a bhainistiú, IO L 189, 18.7.2002, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/49/oj

- An chumarsáid a dhigiteáil

Sonraíodh na modhanna cumarsáide digiteacha idir bainisteoirí bonneagair (BBanna) agus gnóthais iarnróid (GInna), i.e. seiceálacha comhoiriúnachta bealaigh, leabhair na mbealaí agus leabhair rialacha. Cinneadh na sprioc-amanna cur chun feidhme gaolmhara freisin sa Rialachán ón gCoimisiún i ndáil le STI OBT.

I mí Lúnasa 2024, iarradh ar an nGníomhaireacht na modhanna digiteacha le haghaidh cumarsáid eile a shonrú a thuilleadh. Idir an dá linn, leagfar amach go soiléir san athbhreithniú ar STInna FTS agus FTL atá beartaithe do 2025 na modhanna digiteacha le haghaidh cumarsáide a bhaineann le bainistíocht toillte, bainistíocht tráchta agus ullmhú traenacha.

- Rialacha oibríochtúla an Chórais Eorpaigh um Rialú Traenacha (ETCS), cláir mharcóra agus Treoracha Eorpacha

Rinneadh tuilleadh comhchuibhithe ar na rialacha oibríochtúla a bhaineann le hoibríocht raidió-bhunaithe leibhéal 2 ETCS agus leibhéal 3 ETCS gan forleagan d'Aicme B ná comharthaíocht taobh líne. Leis na hathruithe, tugadh isteach rialacha oibríochtúla nua chomh maith le rialacha eile a ceapadh chun na rialacha atá ann cheana a chomhlánú.

Bunaíodh dlúthchomhar leis na grúpaí ábhartha um chaighdeánú maidir le cláir mharcóra chomhchuibhithe (na cinn a bhí ann cheana a bharrfheabhsú agus cinn nua bhreise). Ionchorpraíodh na cláir mharcóra chomhchuibhithe bhreise i rialacha oibríochtúla ábhartha STI OBT, lena léirítear an áit nach bhfuil cláir mharcóra sainithe go fóill.

Tugadh isteach leasú ar an Treoir Eorpach mar fhreagairt ar riachtanais na hearnála.

### c. STInna BON agus FUI

- Bonneagar

Leathnaíodh raon feidhme na STInna suiteála seasta (go háirithe FUI agus BON). Má chuirtear uasghráduithe chun feidhme a bhfuil critéar feidhmíochta sainithe ann ina leith, tá gá anois le comhlíonadh iomlán na STInna sin laistigh de limistéar geografach na scéime uasghrádaithe. Níorbh amhlaidh a bhí faoin oibleagáid chomhlíontachta roimhe sin, nach raibh ann ach oibleagáid chomhlíontachta pháirteach. Tá an beart atá i gceist ceaptha chun dlús a chur le comhlíonadh STI an bhonneagair iarnróid agus chun cuidiú le hidir-inoibritheacht na ngréasán iarnróid a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin aon srian iarmhartach d'oibríochtaí traenach a sheachaint.

Tugadh isteach in STI FUI forálacha eile chun luchtú ceallraí tarraingthe agus úsáid pantagraf iolrach a chumasú.

### d. STI DSL

In 2023, athbhunaíodh an ceanglas atá ar chomhlachtaí faoina dtugtar fógra cuairteanna ar an láthair a dhéanamh chun cigireacht a dhéanamh ar fhochórais bhonneagair chun a áirithiú go ndearnadh STI DSL a fhorfheidhmiú i gceart.

Tugadh isteach freisin athruithe ar na rialacha oibríochtúla a leagtar síos sa Rialachán ón gCoimisiún maidir le DSL STI, e.g. mura soláthraítear seirbhís ach i gcuid de thraein nach bhfuil inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí, ní mór í a sholáthar d'úsáideoirí

cathaoireacha rothaí sa spás do chathaoireacha rothaí gan aon mhuirear breise, ach amháin mura bhfuil sé dodhéanta an tseirbhís a sheachadadh chuig an spás sin. Maidir le fochórais rothstoic, tugadh isteach an comhartha aimsithe dorais mar mhalairt ar an gcomhartha oscailte dorais lasmuigh den traein. Nuálaíocht eile is ea an fhéidearthacht an comhartha dúnta dorais a ligean ar ceal i gcás ina bhfuil roghanna malartacha (e.g. cuirtíní solais, ciumhaiseanna íogaire) i bhfeidhm chun an riosca díobhála do phaisinéirí agus d'fhoireann na traenach a mhaolú.

Cuireadh isteach freisin sainmhíniú ar chathaoir rothaí idir-inoibritheach is féidir a iompar d'iarnród. Tugtar tuairisc leis sin ar shaintréithe cathaoireach rothaí lenar féidir leis an bpaisinéir gach gné den rothstoc atá deartha d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí a úsáid ina n-iomláine.

### e. Iompar traschórais

Leasaíodh STInna éagsúla i ndáil le hiompar comhcheangailte[17]. Leis na hathruithe sin, lena n-éascaítear códú línte (STI BON) faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/777 ón gCoimisiún[18], vaigíní agus aonaid luchtaithe idirmhódúla, bunaítear rialacha comhchuibhithe comhchoiteanna maidir le hoibriú an iompair traschórais.

Tá ceanglas ginearálta sa Rialachán ón gCoimisiún maidir le STI VAI a bhaineann le feistí chun aonaid luchtaithe idirmhódúla a dhaingniú, chun a áirithiú go ndaingneofar iad sin i gceart le linn iompair chun caillteanas nó damáiste a chosc.

Leis an Rialachán ón gCoimisiún i ndáil le STI OBT, ionchorpraíodh rialacha maidir le seiceálacha comhoiriúnachta bealaigh agus rialacha oibríochtúla gaolmhara chun a áirithiú go rachaidh oibríochtaí iompair chomhcheangailte ar aghaidh go sábháilte agus go héifeachtúil.

Ar an iomlán, is é is aidhm do na hathruithe iompar comhcheangailte a éascú trí rialacha agus ceanglais thrédhearcacha a chur ar fáil maidir le códú línte, vaigíní agus aonaid luchtaithe idirmhódúla agus maidir le hiompar comhcheangailte a oibriú. Cuideoidh sé sin le héifeachtúlacht oibríochtúil agus sábháilteacht an iompair traschórais a fheabhsú agus an t-ualach riaracháin ar oibreoirí a laghdú.

## 3. Feidhmeanna STInna FTS agus FTL a chur chun feidhme

Tá cur chun feidhme feidhmchlár teileamaitice iarnróid ríthábhachtach chun iompar d'iarnród gan pháipéar a bhaint amach.

Tá an t-athbhreithniú ar STInna FTL agus FTS le tabhairt chun críche in 2025. Áiritheofar leis sin comhsheasmhacht idir gnéithe coiteanna do sheirbhísí lasta agus do sheirbhísí paisinéirí

---

[17] Treoir 92/106/CEE ón gComhairle an 7 Nollaig 1992 maidir le rialacha comhchoiteanna a bhunú le haghaidh cineálacha áirithe iompair chomhcheangailte earraí idir na Ballstáit (IO L 368, 17.12.1992, lch. 38, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/1992/106/

[18] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/777 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 maidir leis na sonraíochtaí coiteanna le haghaidh chlár an bhonneagair iarnróid agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/880/AE, IO L 139I, 27.5.2019, lch. 312, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg_impl/2019/777/

araon faoi rialachán aonair maidir le STI Teileamaitice, lena dtacófar le comhroinnt sonraí le haghaidh na nithe seo a leanas:

(1) bainistíocht toillte agus tráchta chomh maith le hullmhú traenacha;
(2) vaigíní lasta agus a loingsiú a bhainistiú;
(3) ticéadú iarnróid agus faisnéis do phaisinéirí.

Aidhm eile is ea ról na Gníomhaireachta mar údarás do chórais teileamaitice a neartú agus forfheidhmiú an rialacháin a bheidh ann amach anseo maidir le STI Teileamaitic a chumasú trí sprioc-amanna cur chun feidhme a chur i bhfeidhm mar aon le creat faireacháin agus measúnaithe comhlíontachta arna mhaoirsiú ag an nGníomhaireacht.

Go dtí go dtabharfar isteach sprioc-amanna cur chun feidhme atá ceangailteach ó thaobh dlí, soláthraíonn na máistirphleananna an bonn chun feidhmeanna teileamaitice a chur chun feidhme ar leibhéal na hearnála. Arna eisiúint in 2013, luaitear i máistirphleananna STI FTS[19] agus STI FTL[20] go raibh an cur chun feidhme le tabhairt chun críche faoi 2020 le haghaidh phointe (3) thuas agus faoi 2021 le haghaidh phointí (1) agus (2).

Le hAirteagal 23 de Rialachán (AE) 2016/796 ceanglaítear ar an nGníomhaireacht cuidiú leis an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na sonraíochtaí le haghaidh feidhmchláir theileamaitice. Dá réir sin, déanann an Ghníomhaireacht tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn a thiomsú agus a fhoilsiú maidir le cur chun feidhme na bhfeidhmeanna a leagtar amach sna Rialacháin ón gCoimisiún maidir le STInna FTS agus FTL. Maidir leis an tuarascáil seo, cuirtear béim ar an bhfaireachán ar chur chun feidhme na bpríomhfheidhmeanna a bhaineann le bainistíocht toillte agus tráchta in Table 1. Atáirgtear figiúirí cur chun feidhme do bhainisteoirí bonneagair (BBanna), do ghnóthais iarnróid lasta (GI-Lanna) agus do ghnóthais iarnróid paisinéirí (GI-Panna) ó thuarascálacha stádais 2023 ón nGníomhaireachta 2023[21] maidir le cur chun feidhme STInna FTL agus FTS.

De réir na máistirphleananna STI FTL/FTS is infheidhme, ba iad 2017 le haghaidh BBanna agus GI-Lanna agus 2018 le haghaidh GI-Panna na garspriocanna cur chun feidhme garsprice le haghaidh feidhmeanna a thacaíonn le bainistíocht toillte.

*Tábla 1: Príomhfheidhmeanna a bhaineann le bainistíocht toillte agus tráchta a chur chun feidhme*



*Eochair eolais is infheidhme maidir le gach léarscáil ina dtaispeántar stádas an chur chun feidhme de réir tíre: (i) glas – curtha chun feidhme, (ii) dúghlas – cur chun feidhme beartaithe le haghaidh 2024 nó 2025, (iii) buí – cur chun feidhme beartaithe le haghaidh 2026 nó níos déanaí, (iv) dearg – gan aon fhaisnéis nó faisnéis neamhréireach. I gcás ina n-áirítear sonraí ó níos mó ná BB amháin, tugtar tuairisc sna figiúirí ar an BB leis an líonra is faide.*



---


19 https://www.era.europa.eu/system/files/2022-11/tap_master_plan_delivery_en_0.pdf

20 https://www.era.europa.eu/system/files/2022-11/taf_tsi_master_plan_en_0.pdf

21 Tuarascálacha stádais 2023 ón nGníomhaireacht maidir le cur chun feidhme STInna FTL/FTS: https://www.era.europa.eu/system/files/2024-11/agency_s%202023%20report%20era-rep-114-impl-2023%20on%20taf%20tsi%20implementation%20-%20di.pdf

| | Stádas cur chun feidhme | Réamhaisnéis cur chun feidhme le haghaidh BBanna |
|---|---|---|
| *An toilleadh a bhainistiú* | | |
| **Iarraidh ar chonair** | BB: 43 % curtha chun feidhme<br>L-GI: 35 % curtha chun feidhme<br>P-GI: 41 % curtha chun feidhme |  |
| **Sonraí conaire** | BB: 51 % curtha chun feidhme<br>L-GI: 43 % curtha chun feidhme<br>P-GI: 47 % curtha chun feidhme |  |

| | Stádas cur chun feidhme | Réamhaisnéis cur chun feidhme |
|---|---|---|
| *Trácht a bhainistiú* | | |
| **Faisnéis faoi ghluaiseacht traenach** | BB: 61 % curtha chun feidhme<br>L-GI: 51 % curtha chun feidhme<br>P-GI: 56 % curtha chun feidhme |  |
| **Faisnéis maidir le réamhaisnéis traenach** | BB: 49 % curtha chun feidhme<br>L-GI: 38 % curtha chun feidhme<br>P-GI: 40 % curtha chun feidhme |  |

| | Stádas cur chun feidhme | Réamhaisnéis cur chun feidhme |
|---|---|---|
| | ***Trácht a bhainistiú*** | |
| **Comhdhéana mh traenach** | BB: 53 % curtha chun feidhme<br>L-GI: 48 % curtha chun feidhme<br>P-GI: 48 % curtha chun feidhme |  |

Cé go ndearna moilleanna sistéamacha difear don chur chun feidhme, ba cheart a chur i dtábhacht go gcuirtear i dtábhacht le gealltanais BBanna, mar a bailíodh i suirbhé 2022 ón nGníomhaireacht, go raibh formhór na bhfeidhmeanna a thacaíonn le bainistíocht toillte agus bainistíocht tráchta le cur chun feidhme agus le cur i gcrích le linn 2024 agus 2025, i.e. in am do thréimhse thráthchlár 2026.

## 4. Cláir a chur chun feidhme (an Clár Eorpach Feithiclí, Clár Eorpach na gCineálacha Údaraithe Feithiclí, RINF)

### a. An Clár Eorpach Feithiclí

Chun a áirithiú gur féidir feithiclí iarnróid a oibrítear sa Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid a rianú agus a stair a phleanáil, tugadh isteach cláir thiomnaithe feithiclí le hAirteagal 47 de Threoir (AE) 2016/797. Ceanglaítear leis an Treoir ar gach Ballstát clár náisiúnta feithiclí a choinneáil agus é a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht. Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1614[22] ón gCoimisiún, leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh an Chláir Eorpaigh Feithiclí chun teacht in ionad an Chláir Eorpaigh Láraithe Fhíoriúil Feithiclí. Ciallaíonn sé sin go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht na sonraí clárúcháin feithiclí a óstáil go lárnach anois in ionad cláir dhíláraithe náisiúnta feithiclí a chuirfear ar fáil trí inneall coiteann cuardaigh agus aistriúcháin atá bunaithe sa Ghníomhaireacht. Tá roinnt buntáistí ag baint leis an réiteach sin toisc go laghdaíonn sé castacht theicniúil agus ualaí riaracháin. San am céanna, méadaíonn sé infhaighteacht agus cáilíocht sonraí trí iontrálacha dúbailte a bhaint.

Tháinig an Clár Eorpach Feithiclí i bhfeidhm go hiomlán i mí na Samhna 2021. Faoin 25 Meitheamh 2024, bhí 17[23] as na 25 Bhallstát lena mbaineann móide an Iorua tar éis aistriú ón gClár Eorpach Láraithe Fíorúil Feithlicí go dtí córas an Chláir Eorpaigh Feithiclí a riartar go

[22] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1614 ón gCoimisiún an 25 Deireadh Fómhair 2018 lena leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh cláir feithiclí dá dtagraítear in Airteagal 47 de Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/756/CE ón gCoimisiún (IO L 268, 26.10.2018, lch. 53, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2018/1614/

[23] An Bheilg, an Bhulgáir, an Fhionlainn, an Ghréig, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSeicia, an tSlóivéin, an tSlóvaic agus an tSualainn

lárnach. Úsáideann an Fhrainc an Clár Eorpach Feithclí, ach ní stóráiltear a cuid sonraí go lárnach. Agus an méid sin á chur san áireamh, chun leanúnachas gnó a áirithiú, leanfar d'úsáid tráthrialta a bhaint as an gClár Eorpach Láraithe Fíorúil Feithiclí go dtí go mbeidh ascnamh sonraí curtha i gcrích. Ar an iomlán, déantar os cionn 1,2 milliún feithicil (lena n-áirítear feithiclí bailí, feithiclí atá ar fionraí agus feithiclí a tarraingíodh siar) a thaifeadadh sa Chlár Eorpach Láraithe Fíorúil Feithiclí/sa Chlár Eorpach Feithiclí.

I dTábla 2 tugtar forbhreathnú ar na feithiclí ag a bhfuil stádas bailí/gníomhach arna dtaifeadadh sa Chlár Eorpach Láraithe Fíorúil Feithiclí/sa Chlár Eorpach Feithiclí de réir an chineáil feithicle (sonraí a baineadh i mí an Mheithimh 2024). Tá coinne leis gurb ionann feithiclí a áirítear sa Chlár Eorpach Láraithe Fíorúil Feithiclí/sa Chlár Eorpach Feithiclí agus 80 % nó níos mó d'fheithiclí.

*Tábla 2: Feithiclí ag a bhfuil clárú bailí arna thaifeadadh sa Chlár Eorpach Láraithe Fíorúil Feithiclí/sa Chlár Eorpach Feithiclí (Meitheamh 2024)*

| **Catagóir na bhfeithiclí** | **An líon feithiclí (clárú bailí)** |
|---|---|
| Feithiclí tarraingthe - Inneall féinghluaiste díosail | 11 287 |
| Feithiclí tarraingthe - Inneall siúnta díosail | 6 108 |
| Feithiclí tarraingthe - Inneall féinghluaiste leictreach | 14 623 |
| Feithiclí tarraingthe - Inneall siúnta leictreach | 602 |
| Feithiclí tarraingthe - Tacar ilaonad díosail | 17 285 |
| Feithiclí tarraingthe - Tacar ilaonad leictreach (seachas ardluas) | 58 982 |
| Feithiclí tarraingthe - Tacar ilaonad leictreach (ardluas) | 13 487 |
| Feithiclí tarraingthe - Ilghnéitheach | 6 895 |
| Feithiclí tarraingthe - Feithicil speisialta | 18 316 |
| Feithiclí tarraingthe - Leantóir speisialaithe | 2 540 |
| Vaigín | 637 260 |
| Feithiclí tarlaithe do phaisinéirí - Feithiclí le haghaidh trácht intíre | 30 855 |
| Feithiclí tarlaithe do phaisinéirí - Feithiclí aerchóirithe agus brú-obacha | 4 834 |
| Feithiclí tarlaithe do phaisinéirí - Feithiclí seirbhíse | 10 371 |
| **Móriomlán** | **833 445** |

*Foinse: An Chlár Eorpach Láraithe Fíorúil Feithiclí/an Chlár Eorpach Feithiclí*

Mar is amhlaidh i gcás cláir eile de chuid na Gníomhaireachta, braitheann iontaofacht sonraí ar a mhéid atá an fhaisnéis a sholáthraítear cruinn, iomlán agus cothrom le dáta. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin agus faisnéis ó roinnt clár á nascadh/á meaitseáil.

### b. Clár Eorpach na gcineálacha údaraithe feithiclí

Faoi Airteagal 48 de Threoir (AE) 2016/797, tá sonraí maidir le cineálacha údaraithe feithiclí i gclár Eorpach na gcineálacha údaraithe feithiclí[24]. Leagtar amach a shonraíochtaí teicniúla coiteanna i gCinneadh Cur Chun Feidhme 2011/665/AE[25] ón gCoimisiún maidir le clár Eorpach na gcineálacha údaraithe feithiclí iarnróid. Tá Clár Eorpach na gcineálacha údaraithe feithiclí á óstáil ag an nGníomhaireacht ó bhí mí Eanáir 2013 ann. Cuirtear sonraí Chlár Eorpach na gcineálacha údaraithe feithiclí ar fáil go poiblí a luaithe a chuireann an t-eintiteas údarúcháin (údaráis náisiúnta sábháilteachta nó an Ghníomhaireacht) isteach iad.

Tá Clár Eorpach na gcineálacha údaraithe feithiclí beartaithe lena húsáid in éineacht le cláir agus bunachair sonraí eile, go háirithe leis an gClár Eorpach Feithiclí (Roinn 4.a den tuarascáil seo) agus RINF (Roinn 4.c den tuarascáil seo). I gcás ina dtaifeadtar feithicil i gclár feithiclí, ní mór aitheantas an chineáil (nó an leagan nó an leagan malartach) údaraithe feithicle a chomhlíonann sí a léiriú i gClár Eorpach na gcineálacha údaraithe feithiclí (Aitheantas cineáil) nuair atá sí ar fáil. Fágann an tAitheantas cineáil sin gur féidir saintréithe teicniúla feithicle a aisghabháil ó chlár Eorpach na gcineálacha údaraithe feithiclí.

Tá os cionn 6 000 údarú cineáil i gclár Eorpach na gcineálacha údaraithe feithiclí. Mar is amhlaidh i gcás cláir eile de chuid na Gníomhaireachta, braitheann iontaofacht sonraí ar a mhéid atá an fhaisnéis a sholáthraítear cothrom le dáta agus iomlán. Níl an Ghníomhaireacht freagrach ná faoi dhliteanas as faisnéis a chuirtear isteach agus a fhoilsítear i gClár Eorpach na gcineálacha údaraithe feithiclí. Meastar go mbeidh cáilíocht na sonraí ard toisc go ndéantar na sonraí a chuirtear ar fáil a sheiceáil le linn próisis údaraithe feithiclí.

### c. Clár an Bhonneagair (RINF)

Is é príomhchuspóir RINF saintréithe ghréasán bonneagair iarnróid an Aontais a chur ar fáil i bhfoirm bunachar sonraí tagartha. Dá réir sin, is é RINF an phríomhuirlis TF chun tuairisc a thabhairt ar shaintréithe agus ar chumais na líonraí iarnróid ar fud na hEorpa. Leagtar amach é in Airteagal 49 de Threoir (AE) 2016/797 agus rialaítear é le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/777 ón gCoimisiún[26]. Tá an comhéadan úsáideora coiteann ríomhairithe, taobh thiar den chlár sin, lena simplítear iarratais ar shonraí bonneagair, ar fáil go poiblí ó bhí mí an Mhárta 2015 ann[27].

---

[24] https://eratv.era.europa.eu/eratv

[25] Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 4 Deireadh Fómhair 2011 maidir le clár Eorpach na gcineálacha údaraithe feithiclí iarnróid (IO L 264, 8.10.2011, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2011/665/

[26] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/777 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 maidir leis na sonraíochtaí coiteanna le haghaidh chlár an bhonneagair iarnróid agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/880/AE, IO L 139I, 27.5.2019, lch. 312, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/777/

[27] https://data-interop.era.europa.eu

Faoi thús 2024, bhí paraiméadar teicniúil amháin ar a laghad le haghaidh thart ar 92 % de ghréasáin iarnróid na mBallstát[28] curtha isteach sa bhunachar sonraí. Ó bhí an 1 Eanáir 2021 ann, tá paraiméadair áirithe éigeantach le haghaidh codanna línte agus pointí oibríochtúla; faoi seach, tá 78 % agus 83 % díobh sin curtha i gcrích.

Mar is amhlaidh i gcás bunachair sonraí eile, tá úsáideacht bunaithe ar iomláine na sonraí atá sa bhunachar sonraí.

Braitheann iontaofacht sonraí RINF ar chruinneas na n-ionchur faoi fhreagracht BBanna. Fuarthas go raibh an cruinneas sin athraitheach. Tá cruinneas ríthábhachtach chun go mbeidh an bunachar sonraí éifeachtach (toradh ar infheistíocht) agus chun go gcomhlíonfaidh GInna a n-oibleagáidí, e.g. le haghaidh seiceálacha comhoiriúnachta ar bhealach feithiclí agus comhbhailiúcháin leabhair na mbealaí.

## 5. Cásanna de neamhchur i bhfeidhm STI


Idir an 16 Meitheamh 2016 agus an 30 Meitheamh 2024, fuair an Coimisiún 273 iarraidh ó Bhallstáit an Aontais[29] agus ón Iorua ar neamhchur i bhfeidhm fhorálacha STI. Léirítear i bhFíor 1 dáileadh bliantúil na gcásanna sin. Sna 7 mbliana (féilire iomlána) sular glacadh Treoir (AE) 2016/797, i.e. idir 2009 agus 2015, cuireadh isteach 102 iarraidh ar neamhchur i bhfeidhm. Sna 7 mbliana (féilire iomlána) ó glacadh é, tháinig méadú faoi dhó ar an líon sin, agus cuireadh 228 n-iarraidh ar neamhchur i bhfeidhm isteach idir 2017 agus 2023. Sa tréimhse chéanna, tháinig méadú faoi dhó ar an líon iarrataí ina luaitear go bhfuil na cásanna thar a bheith forbartha chun údar a thabhairt leo freisin (80 go 169), agus tháinig méadú faoi cheathair ar iarrataí a bhfuil údar leo ar bhonn inmharthanacht eacnamaíoch (12 go 51 – féach Figure 4). Thairis sin, tháinig méadú faoi shé ar an líon iarrataí a bhaineann le STI RCC (25 go 163) le linn na tréimhse céanna (Figure 5). Mar thoradh ar na méaduithe sin, tháinig méadú nach beag ar ualach oibre sheirbhísí an Choimisiúin agus na Gníomhaireachta maidir le hiarratais a phróiseáil agus iarrataí lena luaitear inmharthanacht eacnamaíoch i ndáil le cinntí cur chun feidhme ón gCoimisiún.

Ó glacadh Treoir (AE) 2016/797, bhain formhór na gcásanna le neamhchur i bhfeidhm chomhpháirteanna STI RCC (Figure 6). Bhain méaduithe ar an líon iomlán cásanna, iarrataí a bhaineann le RCCanna agus iarrataí mar gheall ar chásanna a bheith thar a bheith forbartha (Figure 7) buaicphointe amach in 2017, 2019 agus 2024. Tá sé sin ag teacht le glacadh an cheathrú Pacáiste Iarnróid in 2016 agus mórphacáistí ar STInna in 2019 agus 2023. Tá iarrataí ar neamhchur i bhfeidhm éagsúil ó Bhallstát go Ballstát (Figure 8), rud nach bhfuil ann ach i bpáirt mar gheall ar mhéideanna éagsúla na ngréasán náisiúnta iarnróid.


---

[28] AE-27 lúide Éire, Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh, *Report on railway safety and interoperability in the EU 2024*, [Tuarascáil maidir le sábháilteacht agus idir-inoibritheacht iarnróid san Aontas 2024], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024, https://data.europa.eu/doi/10.2821/64343


[29] Lena n-áirítear an Ríocht Aontaithe go dtí 2021. Taispeántar uimhreacha le haghaidh 2016 ar fad sna figiúirí; fuarthas trí cinn de na 16 iarraidh sin ar neamhchur i bhfeidhm roimh theacht i bhfeidhm an cheathrú Pacáiste Iarnróid.





*Fíor 4: Iarrataí ar neamhchur i bhfeidhm in aghaidh na bliana (2016-2024, ina bhfuil iarrataí a cuireadh isteach suas go dtí an 30 Meitheamh san áireamh le 2024)*





*Fíor 5: Iarrataí ar neamhchur i bhfeidhm 2017-2023 i gcomparáid le 2009-2015, de réir réasúnú*




*Fíor 6: Iarrataí ar neamhchur i bhfeidhm 2017-2023 i gcomparáid le 2009-2015, de réir STI*




*Fíor 7: Iarrataí ar neamhchur i bhfeidhm de réir STI agus de réir na bliana (2016-2024, ina bhfuil iarrataí a cuireadh isteach suas go dtí an 30 Meitheamh san áireamh le 2024)*




*Fíor 8: Iarrataí ar neamhchur i bhfeidhm in aghaidh an Bhallstáit AE-27 agus na hIorua (2017-2024, ina bhfuil iarrataí a cuireadh isteach suas go dtí an 30 Meitheamh san áireamh le 2024).*

## 6. Cinntí Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA): údaruithe chun cineálacha feithiclí agus feithiclí, ceaduithe ERTMS taobh riain a chur ar an margadh

Nuair a tháinig an ceathrú Pacáiste Iarnróid i bhfeidhm, tháinig an Ghníomhaireacht chun bheith freagrach as údarú a thabhairt chun feithiclí iarnróid a chur ar an margadh. Innill fhéinghluaiste, cóistí paisinéirí agus vaigíní go príomha atá i gceist leis sin. I gcás innill fhéinghluaiste agus traenacha paisinéirí, ní mór d'iarratasóirí iarratas ar údarú a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta má chumhdaíonn an limistéar úsáide níos mó ná Ballstát amháin. Má tá limistéar úsáide na feithicle teoranta d'aon Bhallstát amháin, féadfaidh iarratasóirí iarratas a dhéanamh chuig an nGníomhaireacht nó chuig an údarás náisiúnta iarnróid faoi seach.

Faoin 30 Meitheamh 2024, bhí 7 825 iarratas faighte ag an nGníomhaireacht ar údaruithe feithiclí, lena n-áirítear 872 iarratas ar údaruithe cineáil agus 6 953 iarratas ar údaruithe lena mbaineann cineál-chomhréireacht (Table 3). Áirítear ar na huimhreacha sin 198 iarraidh réamh-rannpháirtíochta (11 ceann i gcás údaruithe lena mbaineann cineál-chomhréireacht agus 187 cinn i gcás údaruithe cineáil). I gcás feithiclí nach n-úsáidtear ach in aon Bhallstát amháin, cinneann formhór na n-iarratasóirí iarratas ar údarú a chur faoi bhráid an údaráis náisiúnta fós, ach ní úsáideann roinnt iarratasóirí ach an Ghníomhaireacht, agus ar an gcaoi sin tairbhíonn siad go hiomlán de phointe teagmhála aonair le haghaidh na n-údaruithe uile, beag beann ar an limistéar úsáide.

*Tábla 3: An líon iarratas ar údaruithe feithiclí arna bpróiseáil ag ERA agus ag húdaráis náisiúnta sábháilteachta idir mí an Mheithimh 2019 agus mí an Mheithimh 2024 (Foinse: Ionad ilfhreastail)*

| | ERA | | Údarás náisiúnta sábháilteachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **An líon iarratas ar údarú** | **An líon iarrataí réamh-rannpháirtíochta** | **An líon iarratas ar údarú** | **An líon iarrataí réamh-rannpháirtíochta** |
| Údarú lena mbaineann cineál-chomhréireacht | 6 942 | 11 | 4 383 | 13 |
| Údaruithe cineáil | 685 | 187 | 1 174 | 235 |
| **Iomlán** | **7 627** | **198** | **5 557** | **248** |
| | **7 825** | | **5 805** | |

## 7. Cinntí údaráis náisiúnta sábháilteachta: údarú chun suiteálacha seasta a chur i seirbhís, lena n-áirítear ERTMS taobh riain

Tá na húdaráis náisiúnta sábháilteachta freagrach as údarú a thabhairt chun suiteálacha seasta a chur i mbun seirbhíse (fochórais bonneagair, fuinnimh agus taobh riain um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht). Mar sin féin, sula ndéanfar aon ghlao ar thairiscintí a bhaineann le trealamh ERTMS taobh riain, seiceálann an Ghníomhaireacht an gcomhlíonann na réitigh theicniúla atá á mbreithniú na STInna ábhartha go hiomlán agus, dá bhrí sin, tá siad go hiomlán idir-inoibritheach mar chuid de phróiseas formheasa ERTMS taobh riain.

I mí an Mheithimh 2024, bhí 125 iarratas fós ar siúl. Ó bhí 2019 ann, eisíodh 19 bhformheas. Baineann 65 % d'fheidhmchláir le ETCS agus 26 % le trealamh an Chórais Dhomhanda do Chumarsáid Mhóibíleach – Iarnróid (GSM-R), agus baineann an 9 % eile le feidhmchláir iomlána ERTMS, i.e. ETCS agus GSM-R araon.

I bhfianaise na mbealaí éagsúla ina ndearnadh Treoir (AE) 2016/797 a thrasuí, lena n-áirítear an tAirteagal 18 ábhartha, agus cineálacha éagsúla cur chuige ina dhiaidh sin ag na Ballstáit maidir leis an bpróiseas údaraithe le haghaidh cur i mbun seirbhíse, tá scrúdú á dhéanamh ag an gCoimisiún agus ag an nGníomhaireacht faoi láthair an gá treoir bhreise a eisiúint maidir le cur chuige níos comhchuibhithe.

## 8. Comhaontuithe comhair arna dtabhairt i gcrích idir an Ghníomhaireacht agus údaráis náisiúnta sábháilteachta

Is comhaontuithe idir an Ghníomhaireacht agus na húdaráis náisiúnta sábháilteachta iad comhaontuithe comhair. Tacaíonn siad le cinntí casta ón nGníomhaireacht a dhéanamh go tráthúil agus go cuimsitheach lena gcumhdaítear measúnuithe comhlíontachta le rialacha Eorpacha agus náisiúnta maidir le sábháilteacht agus idir-inoibritheacht araon. Tá dhá chineál comhaontaithe comhair ann:

- comhaontuithe comhair éigeantacha leis na húdaráis náisiúnta sábháilteachta;

- comhaontuithe comhair deonach (ar a dtugtar comhaontuithe díorma saineolaithe).

Tá na comhaontuithe éigeantacha bunaithe ar Airteagal 76 de Rialachán (AE) 2016/796. Rialaítear leo an chaoi a roinntear cúraimí idir an Ghníomhaireacht agus na húdaráis naisiúnta sábháilteachta maidir le deimhnithe sábháilteachta aonair agus údaruithe feithiclí a sholáthar. Áirítear orthu sin forálacha mionsonraithe maidir leis an gcaoi a dtéann na húdaráis náisiúnta i gcomhar go laethúil leis an nGníomhaireacht maidir le cinntí chun údaruithe feithiclí agus deimhnithe sábháilteachta aonair a eisiúint.

Ina theannta sin, cuireann na comhaontuithe comhair deonacha díorma saineolaithe an t-ardán dlíthiúil ar fáil chun saineolas a chomhroinnt agus saineolaithe a shannadh do na húdaráis náisiúnta sábháilteachta nó don Ghníomhaireacht chun measúnú a dhéanamh ar iarratais shonracha deimhnithe sábháilteachta aonair nó údaruithe feithiclí.

Tá comhaontuithe comhair éigeantacha sínithe ag an nGníomhaireacht le gach ceann de na 25 údarás náisiúnta sábháilteachta san Aontas móide údarás náisiúnta sábháilteachta na hIorua. Thug sí comhaontú i gcrích freisin le húdarás náisiúnta sábháilteachta i dTuaisceart Éireann maidir le húdaruithe feithiclí mar chuid de shainchúram an Aontais faoin gcomhaontú Brexit um tharraingt siar. Ina theannta sin, tá comhaontuithe comhair deonacha sínithe ag an nGníomhaireacht le 18 údarás náisiúnta sábháilteachta ón Aontas[30] chomh maith le comhaontuithe leis an Eilvéis agus leis an Iorua.

## 9. Conclúid

Tá dul chun cinn nach beag déanta i dtreo idir-inoibritheacht iarnróid na hEorpa níos fearr ó glacadh Treoir (AE) 2016/797 i mí na Bealtaine 2016, mar a léiríodh le hathbhreithnithe STI 2019 agus 2023, bainistíocht ERA ar chláir chomhchoiteanna Eorpacha iarnród agus na comhaontuithe comhair a tugadh i gcrích idir an Ghníomhaireacht agus na húdaráis náisiúnta sábháilteachta. Tá bacainní fós ann, áfach. Mar shampla, leis an méadú ar an líon iarrataí ar neamhchur i bhfeidhm fhorálacha STI, go háirithe maidir le ERTMS, léirítear deacrachtaí maidir le STI RCC a chur chun feidhme go hiomlán. Tá leibhéil ísle digitithe ag baint leis na cláir i ndáiríre. Na difríochtaí maidir le Treoir (AE) 2016/797 a thrasuí agus na freagrachtaí neamhspleácha atá fós ar na húdaráis náisiúnta sábháilteachta agus a gcúraimí maidir le húdarú líonra iarnróid an Aontais á gcomhlíonadh acu, leanann siad d'éagsúlachtaí náisiúnta a léiriú i gcás ina mbeadh gá le comhchuibhiú níos fearr chun éifeachtúlachtaí líonra a chruthú agus chun costais oibriúcháin a laghdú ar mhaithe le húsáideoirí agus tionscail iarnróid na hEorpa.

[30] An Bheilg, an Danmhairg, an Eastóin, Éire, an Ghearmáin, an Ghréig, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ísiltír, an Laitvia, Lucsamburg, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, an Spáinn, an tSualainn agus an Ungáir